# Imdhíonadh do leanbháin
## suas le 15 mí d’aois

**Irish translation of** *Immunisation for babies up to 15 months of age*

## Réamhrá

Tá an treoir seo ann do thuismitheoirí le leanbháin atá suas le 15 mí d’aois Cuireann sé eolas ar fáil faoi na gnáth-imdhíontaí a thugtar do leanbháin chun iad a chosaint ó ghalair thromchúiseacha na hóige. Déanann sé cur síos ar na galair seo fosta agus míníonn sé an fáth gur gá leanbháin a chosaint ina gcoinne.

Déantar athbhreithniú go rialta ar an chlár imdhíonta le cinntiú go bhfuil an chosaint is éifeachtúla á thairiscint do leanbháin in éadan galair is féidir a chosc. Tá athruithe a rinneadh ar an chlár le gairid luaite sa bhileog, mar atá:

- tugadh isteach vacsaín nua niúmacocach ag dhá mhí agus ceithre mhí, le teanndáileog ag 15 mí;
- athruithe ar an chlár ama do imdhíontaí meiningínteas C, le teanndáileog ag 12 mí;
- teanndáileog bhreise de vacsaín Hib ag 12 mí.

Rinneadh na hathruithe seo mar go bhfuil vacsaíní nua ar fáil anois, agus mar go léiríonn taighde go bhfeabhsaítear an chosaint má thugtar na vacsaíní atá ann cheana féin ag amanna difriúla.

***“Is iad an dá idirghabháil sláinte poiblí is mó a théann i gcionn ar shláinte an domhain ná uisce glan agus vacsaíní.”***
**Eagraíocht Sláinte an Domhain**

**Cad is imdhíonadh ann?**
Is é an t-imdhíonadh an dóigh is fearr agus is sábháilte le do leanbhán a chosaint ó éirí tinn ó ghalair thógálacha éagsúla. Tugtar insealltaí do leanbháin ar a dtugtar vacsaíní, a spreagann an cholainn le antashubstaintí a dhéanamh. Is iad na hantashubstaintí an chosaint nádúrtha atá ag an cholainn in éadan galair thógálacha. Cuidíonn an t-imdhíonú leis an cholainn troid in éadan ionfhabhtú má bhíonn an leanbhán i dteagmháil leis an ghalar.

**Cén fáth a mbíonn imdhíonadh de dhíth orainn?**
Faigheann os cionn 14 milliún duine bás de ghalair thógálacha gach bliain ar fud an domhain. Tá an mhórchuid de na galair seo an-ghann i dTuaisceart Éireann anois agus b’fhéidir gur beag iomrá a chuala tú orthu. Tá siad gann mar go bhfuiltear ag glacadh go forleathan le vacsaíní agus go bhfuil na vacsaíní an-mhaith ag fáil réidh leis na galair. Ach tá siad coitianta in áiteanna eile ar domhan, agus le níos mó daoine ag taisteal go tíortha coimhthíocha, d’fhéadfaí iad a thabhairt anall go Tuaisceart Éireann agus dul i bhfeidhm ar leanbháin nach bhfuair vacsaín.

Ba chóir cuimhneamh ar chomh tromchúiseach is a bhíonn na galair seo. Is iad na leanbháin is óige is mó a d'fhéadfadh fulaingt ó na hionfhabhtuithe seo, agus is mar gheall air sin is cóir cosaint a thabhairt dóibh chomh luath agus is féidir. Bíonn gá le sraith insteallta í chun cosaint iomlán a thabhairt don leanbhán, agus tá sé tábhachtach mar sin an cúrsa a chríochnú. Má ligeann tú ceann de na hinstealltaí seo do do leanbhán tharat, is féidir breith suas air arís, fiú tar éis achair fhada. Níl le déanamh ach a iarraidh ar do dhochtúir teaghlaigh nó an chuairteoir sláinte an dáileog nár bhfuair siad a thabhairt. Ní gá dóibh tosú leis an chúrsa ó thús arís.

D'fhéadfadh galair áirithe a bheith níos tromchúisí i leanaí níos sine – tá sé tábhachtach a chinntiú mar sin go bhfaigheann siad vacsaíniú teanndáileadh.

Má tá ceist ar bith agat faoi imdhíonadh, labhair le do dhochtúir teaghlaigh, le haltra cleachtais nó le cuairteoir sláinte.

Tig leat cuairt a thabhairt fosta ar www.immunisation.nhs.uk
nó www.dhsspsni.gov.uk/phealth
nó www.mmrthefacts.nhs.uk

## Na vacsaíní do leanbháin

## Vacsaín DTaP/IPV/Hib

Tugann an vacsaín seo cosaint in aghaidh diftéire (D), Teiteanas (T), Triuch (P: pertussis), polaimialilíteas (IPV – vacsaín díghníomhaithe poilió) agus *Haemophilus influenzae,* cineál (Hib). Tugtar cuid an pholaimiailíteas san istealladh céanna anois seachas trí bhéal.

***Ba chóir go bhfaigheadh do leanbhán an vacsaín DTaP/IPV/Hib ag dhá mhí, trí mhí agus ceithre mhí d'aois.***

Tabharfar teanndáileadh Hib (leis an MenC) do do leanbhán ag 12 mí d'aois, agus teanndáileadh eile in éadan diftéire, teiteanas, pertussis agus polaimiailíteas sula dtosaíonn siad ar an scoil. Gheobhaidh siad teanndáileadh breise in éadan teiteanas, diftéire agus póilió idir 14 agus 18 mbliana d'aois.

**Cé chomh héifeachtúil is atá an vacsaín DTaP/IPV/Hib?**
Léiríonn staidéir go bhfuil an vacsaín DTaP/IPV/Hib an-éifeachtúil mar chosaint do do leanbhán in éadan na ngalar tromchúiseacha seo. Mar sin féin, tá gá leis na teanndáiltí atá luaite thuas chun an chosaint sin a choinneáil agus an leanbh ag fás suas.

**Cad iad na galair a choscann an vacsaín DTaP/IPV/Hib?**
***Diftéire***
Is galar tromchúiseach é an diftéire a chruthaíonn deacrachtaí leis an anáil go gasta. Is féidir leis dochar a dhéanamh don chroí agus don néarchóras, agus i ndroch-chásanna, Is féidir leis daoine a mharú. Sular tugadh an vacsaín diftéire isteach, bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann gach bliain.

***Teiteanas***
Is galar pianmhar é an teiteanas a théann i bhfeidhm ar na matáin agus a d'fhéadfadh cur isteach ar an anáil. Frídíní san ithir agus in aoileach a théann isteach sa

cholainn trí ghearradh oscailte nó dó is cúis leis. Téann teiteanas i bhfeidhm ar an néarchóras agus Is féidir leis daoine a mharú. Ní féidir é a aistriú ó dhuine go duine.

***Triuch (Pertussis)***
Is galar é an triuch a spreagann babhtaí fada casachtaí agus tachtadh sa dóigh go mbíonn sé deacair análú. Is féidir leis leanúint ar feadh suas le 10 seachtainí. Is féidir leis a bheith an-dona do leanaí óga agus fiú leanbháin atá faoi bhliain amháin d'aois a mharú. Sular tugadh isteach an vacsaín pertussis, bhí suas le 3,500 cás den triuch á dtuairisciú i dTuaisceart Éireann gach bliain.

***Poliamiailíteas***
Is víreas é an polaimiailíteas a ionsaíonn an néarchóras agus Is féidir leis pairilís bhuan a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin chliabhraigh nó ar an inchinn, Is féidir le póilió daoine a mharú. Sular tugadh an vacsaín polaimiailíteas isteach, bhí suas le 1,500 cás polaimiailíteas i dTuaisceart Éireann gach bliain.

***Hib***
Is ionfhabhtú é Hib a d'fhéadfadh a bheith ina chúis do mhórthinnis ar nós nimhiú fola, niúmóine agus meiningíteas. Is féidir leis na tinnis seo a bheith marfach muna ndéantar cóireáil go gasta orthu. Ní thugann an vacsaín cosaint don leanbhán ach in aghaidh chineál amháin meiningítis (Hib). Ní thugann sé cosaint in aghaidh chineál ar bith eile meiningítis.

**Fo-éifeachtaí an vacsaín DTaP/IPV/Hib**
Ní bhíonn fo-éifeachtaí ar bith ag formhór na leanbhán, ach ní mar a chéile gach leanbhán. D'fhéadfadh cuid de na fo-éifeachtaí seo a bheith ag do leanbhán, ach bíonn siad éadrom de ghnáth:

- cantal ar feadh suas le 48 uair an chloig tar éis an insteallta;
- fiabhras éadrom;
- cnapán beag ag láthair an insteallta. D'fhéadfadh sé seo a bheith ann ar feadh cúpla seachtain agus imeacht de réir a chéile.

Más é do bharúil go bhfuil frithghníomh ar bith eile ag do leanbhán don vacsaín DTaP/IPV/Hib agus má tá imní ort faoi, labhair le do dhochtúir, le haltra cleachtais nó le cuairteoir sláinte.

Is féidir le tuismitheoirí agus le cúramóirí fo-éifeachtaí amhrasta vacsaíní agus cógaisí a thuairisciú tríd scéim an Chárta Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar-líne trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó glaoch ar líne práinne saorfón 0808 100 3352 (ar fáil ó Luan go hAoine 10.00 am go 2.00 pm).

***Frithghníomhuithe alléirgeacha***
Is féidir le frithghníomh ailléirgeach tarlú de bharr vacsaíniú corruair, ar nós gríos nó tochas ar chuid den cholainn nó ar an cholainn uilig. Rud fíorannamh é go mbeadh frithghníomhú an-ghéar ag leanaí in éadan an imdhíonta laistigh de chúpla bomaite, le deacrachtaí anála agus tnáitheadh fiú. Tugtar anaifiolacsas air seo. Léiríonn staidéar le gairid go dtuairiscítear cás amháin anaifiolacsas as timpeall leathmhilliún imdhíonú. Cé gur ábhar imní iad

frithghníomhaithe ailléirgeacha, tagann téarnamh gasta iomlán le cóireáil.

***Taomanna***
D'fhéadfadh taom a bheith ag leanbháin go han-annamh lá nó dhó tar éis vacsaíniú DTaP/IPV/Hib a fháil. Baineann sé seo le teocht an-ard de ghnáth. Má bhíonn taom ag do leanbhán, cuir glaoch ar do dhochtúir láithreach. Tagann leanbháin chucu féin go gasta agus go hiomlán ó thaomanna de ghnáth. D'fhéadfadh taomanna a bheith ag leanbháin óga ag am ar bith, agus mar sin ní gá go mbeadh baint ag taom le vacsaín fiú má tharlaíonn sé díreach i ndiaidh an vacsainithe. Cinnfidh do dhochtúir ar cheart aon dáileog eile den vacsaín a thabhairt do do leanbhán. Má chuireann tú moill ar an imdhíonadh, is mó an seans a bheidh ann go mbeidh taom ag do leanbhán tar éis DTaP/IPV/Hib mar gur annamh a bhíonn taomanna de bharr teocht ard ann sa chéad sé mhí den saol. Tá sé tábhachtach mar sin go bhfaigheann do leanbhán vacsaíniú ag an aois cheart.

## Vacsaín niúmócocach (PCV)
Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan cheann de na cúiseanna is coitianta den meiningíteas, agus in éadan coinníollacha eile ar nós dianionfhabtú cluaise (otitis media) agus niúmóine a thuganna na cineálacha is coitianta den bhaictéir niúmócocach. Is féidir le cineálacha eile den bhaictéir niúmacocach, agus baictéirí agus víreasanna eile,  a bheith ina gcúis don mheiningíteas, do ionfhabhtaithe cluaise agus do níumóine fosta. Ní thugann an vacsaín seo aon chosaint in éadan na n-ionfhabhtaithe eile seo.

***Ba chóir go bhfaigheadh do leanbhán an vacsaín PCV ag dhá mhí, trí mhí agus 15 mí d'aois.***

**Cad is ionfhabhtú niúmócocach ann?**
Tá an t-ionfhabhtú niúmócocach ar cheann de na cúiseanna meiningítis is coitianta, ach bíonn sé ina chúis do infhabhtuithe diana cluaise (otitis media), niúmóine agus galair áirithe eile chomh maith.

**Fo-éifeachtaí PCV**
Is féidir le leanbhán amháin as gach deichniúr at, deirge nó leochaileacht a fháil ag láthair an inteallta, nó fiabhras éadrom a fháil. Go han-annamh, is féidir le vacsaín a bheith ina chúis do fhrighníomhú ailléirgeach (féach thuas).

## Vacsaín MenC
Tugann an vacsaín seo cosaint in aghaidh ionfhabhtú ón ghrúpa meiningeacocach C (MenC), cineál baictéir atá ina chúis meiningítis agus seipticéime (nimhiú fola). Ní thugann an vacsaín MenC cosaint in aghaidh mheiningítis a bhfuil baictéir eile nó víreasanna mar chúis leis.

***Ba chóir go bhfaigheadh do leanbhán an t-imdhíonadh MenC ag trí mhí agus ceithre mhí d'aois.***

Tabharfar teanndáileog MenC (le Hib) do do leanbh ag 12 mí d'aois.

**Cad is meiningíteas agus seipticéime ann?**
Is athlasadh nó at i líneáil na hinchinne é an meiningíteas. Nimhiú fola atá sa seipticéime. Is féidir leis na frídíní céanna a chruthaíonn meiningíteas

seipticéime a chruthú. Is iad leanbháin agus daoine óga idir 15 agus 17 is mó atá i mbaol ó mheiningíteas nó seipticéime a fháil ó ghrúpa meiningeacocach C.

**An bhfuil an vacsaín MenC éifeachtúil?**
Ó tugadh isteach an vacsaín MenC, tháinig titim timpeall 95% ar an líon leanbhán faoi bhliain d'aois le galar grúpa C. Faigheann timpeall 9 leanbhán as 10 cosaint ón vacsaín seo chomh luath is a thugtar dóibh é.

Is galair an-tromhchúiseach iad meiningíteas agus seipticéime. Tá sé tábhachtach go n-aithneofá na comharthaí agus na hairíonna agus do mbeadh a fhios agat cad ba chóir a dhéanamh má fheiceann tú iad.

**Fo-éifeachtaí an vacsaín MenC**
D'fhéadfadh at, deirge nó leochailleacht a bheith ag do leanbhán i láthair an insteallta. Éiríonn thart fá leath na leanbhán a fhaigheann an vacsaín cantalach, agus faigheann timpeall duine as fiche fiabhras éadrom. Go han-annamh, is féidir le vacsaín a bheith ina chúis do fhrighníomhú ailléirgeach.

## Vacsaín Hib/MenC
Beidh dáileog den chomhvacsaín Hib/MenC de dhíth ar do leanbh chun a gcosaint a threisiú in éadan *Haemophilus Influenzae,* cineál b, (Hib) agus ionfhabhtaithe meiningeacocacha C. Tugann an teanndáileog cosaint fhadtéarmach in éadan dhá chúis mheiningítis agus seipticéime le linn na hóige.

***Ba chóir do do leanbh an teanndáileog de vacsaín Hib/MenC a fháil ag 12 mí.***

**Fo-éifeachtaí na teanndáileoige Hib/MenC**
D'fhéadfadh at, deirge nó leochailleacht a bheith ag do leanbhán i láthair an insteallta. Éiríonn thart fá leath na leanbhán a fhaigheann an vacsaín cantalach, agus faigheann timpeall duine as fiche fiabhras éadrom. Go han-annamh, is féidir le vacsaín a bheith ina chúis do fhrighníomhú ailléirgeach.

## Vacsaín MMR
Tugann an MMR cosaint don leanbh in éadan an bhruitíneach (M), an leicneach (M) agus an bhruitíneach dhearg (R: rubella).

***Ba chóir go bhfaigheadh do leanbhán an t-imdhíonadh MMR ag thart fá 15 mí d'aois.***

Gheobhaidh do leanbh teanndáileog MMR roimh thosú ar scoil.

Cuirfear eolas chugat faoin MMR agus faoin teanndáileog MMR go gairid sula mbíonn sé in am don leanbh na vacsaíní a fháil. Más mian leat eolas a fháil roimhe sin, amharc ar na suíomhanna idirlín www.mmrthefacts.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó fiosraigh le do chuairteoir sláinte.

## Ceisteanna coitianta faoin imdhíonadh

**Cé chomh luath is féidir liom mo leanbhán a thabhairt ag snámh tar éis an vacsaíniú?**
Tig leat do leanbhán a thabhairt ag snámh ag am ar bith sula bhfaigheann siad a vacsaíniú agus ina dhiaidh. In ainneoin a gcreidtear go coitianta, níl gá ag

leanbháin le himdhíonuithe sula dtéann siad ag snámh.

**An bhfuil aon dóigh eile ann chun mo leanbhán a imdhíonadh?**
Níl bealach ar bith eile cruthaithe chun do leanbhán a imdhíonadh. Baineadh triail as cógais hómapatacha mar chosaint in éadan an treacha, ach ní oibríonn siad. Comhairlíonn Comhairle an Faculty of Homeopathy (an eagraíocht chláraithe do dhochtúirí atá cáilithe sa hómapaite) do thuismitheoirí a leanaí a imdhíonú le vacsaíní caighdeánacha.

**Nach gcuirfeadh a lán vacsaíní le chéile barraíocht stró ar chóras imdhíonta mo leanbháin?**
Ní chuirfeadh. Ó rugtar iad, cosnaíonn córais imdhíonaithe leanbhán iad ó na frídíní atá mórthimpeall orthu. Gan an chosaint seo, ní bheadh leanbháin ábalta cur suas leis na deicheanna de mhílte de bhaictéir agus de vireasanna a chlúdaíonn a gcraiceann, a srón, a scórnach agus a stéig. Bíonn an chosaint seo ann ar feadh an tsaoil.

Go teoiriciúil, d'fhéadfadh leanbhán freagairt go héifeachtúil do thart fá 10,000 vacsaín san am. Mar sin ní chuireann an líon vacsaíní a bhíonn i ngnáthsceideal imdhíonaithe stró ar bith ar chóras imdhíonaithe leanbháin.

**Chuala mé go mbíonn thiomersal (mearcair) i vacsaíní**
Ní úsáidtear thiomersal níos mó sa ghnáthchlár vacsaíní imdhíonta óige. Úsáideadh méid an-bheag mearcair ar feadh os cionn 60 bliain chun vacsaíní a chaomhnú. Níl fianaise ar bith ann go ndearnadh aon dochar san am sin. Ach éiríodh as a úsáid de réir chéile mar chuid d'fheachtas domhanda chun nochtadh do mhearcair a laghdú ó fhoinsí inseachanta.

**An bhfuil cúis ar bith ann nár chóir do mo leanbhán imdhíonadh a fháil?**
I bhfíorbheagán cásanna níor chóir leanbháin imdhíonadh a fháil. Ba chóir duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir nó d'altra cleachtais a chur ar an eolas má tharlaíonn aon cheann díobh seo:

- fiabhras nó teocht an- ard ar an leabhán;
- droch-fhrithghíomhú in éadan aon imdhíonú;
- ailléirge dian in aghaidh aon rud;
- anord fola ag an leanbhán;
- arraingeacha nó taomanna ar an leanbhán;
- cóireáil ailse a bheith faighte ag an leanbhán;
- má bhí tinneas ag an leanbhán a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonta ( m.sh. leoicéime, VEID nó SEIF);
- má tá cógaisí á nglacadh ag an leanbhán a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonta (stearóidí ard-dháileoige nó cóireálacha a thugtar tar éis trasphlandú orgáin nó ailse);
- má bhíonn aon drochthinneas ar an leanbhán.

Ní chiallaíonn siad sin i gcónaí nach féidir le do leanbhán imdhíonadh a fháil, ach cuidíonn sé

leis an dochtúir nó leis an altra cinneadh a dhéanamh faoi na himdhíonuithe is fearr do do leanbhán agus faoi aon chomhairle ba chóir a chur ort. Má tá stair tinnis sa teaghlach ní cúis é sin nach dtabharfaí imdhíonadh do leanbhán.

**Cad a tharlaíonn má bhíonn teocht ard ag mo leanbhán tar éis imdhíonaithe?**
Is annamh a bhíonn fo-éifeachtaí ag na vacsaíní, bíonn siad éadrom go leor agus imíonn siad go gasta. D'fhéadfadh teocht ardaithe nó fiabhras a bheith ag roinnt leanbhán (os cionn 37.5°C). Má mhothaíonn aghaidh do leanbháin a bheith te agus má bhíonn cuma dhearg nó lasta orthu, is dócha go bhfuil fiabhras acu. Ba chóir duit teocht a dheimhniú le teirmiméadar. Bíonn fiabhras ar leanbháin agus ar leanaí go minic. Faightear é le hionfhabhtú go minic. D'fhéadfadh taom a bheith ag leanbhán mar gheall ar fhiabhras corruair. Is féidir le fiabhras ar bith a bheith ina chúis leis seo, de bharr ionfhabhtaithe nó vacsaín. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cad ba cheart a dhéanamh má tá fiabhras ar do leanbhán. Cuimhnigh air gur dócha gur mar gheall ar ghalar seachas vacsaín a bhíonn fiabhras ann.

**Conas cóir a chur ar fhiabhras**

1. Coinnigh do leanbhán fionnuar trí a chinntiú:
    - nach bhfuil barraíocht sraitheanna éadaí nó blaincéidí orthu;
    - nach bhfuil an seomra ina bhfuil siad róthe (ná bíodh sé rófhuar ach an oiread, ach measartha fionnuar).
2. Tabhair go leor deochanna fuara dóibh.
3. Tabhair paraicéiteamol linbh nó lacht ibuprofen dóibh (iarr an ceann gan siúcra). Léigh na treoracha ar an bhuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog ceart don leanbhán dá aois. B'fhéidir go mbeidh an dara dáileog de dhíth ceithre go sé huaire níos moille.

***Ná dearmad nach dtugtar cógaisí ina bhfuil aspairín do leanaí faoi 16 bliana d'aois riamh.***

**Cuir scairt ar an dochtúir láithreach má:**

- tá teocht an-ard ar an leanbhán (39°C níos níos airde);
- má tá taom ag an leanbh.

Má bhíonn taom ar an leanbh, cuir ina luí ar a dtaobh iad in áit shábháilte nó d'fhéadfadh an cholainn a bheith ag geit nó ag preabadh.

## Conas meiningíteas agus seipticéime a aithint

Tugann an vacsaín MenC, an vacsaín Hib agus an vacsaín niúmócocach cosaint in éadan trí chineál meiningítis agus seipticéime (nimhiú fola). Níl aon vacsaín ann do chineálacha eile agus mar sin tá sé tábhachtach a bheith ag faire amach do chomharthaí agus airíonna.

Is athlasadh nó at i líneáil na hinchinne é an meiningíteas. Is féidir leis na frídíní céanna a chruthaíonn meiningíteas nimhiú fola (seipticéime) a chruthú. Is féidir

le leanbhán nó leanbh le meiningíteas nó seipticéime éirí an-tinn laistigh de chúpla uair an chloig. Is féidir leis an dá ghalar a bheith marfach gan chóireáil. Comharthaí éadroma a bhíonn an don meiningíteas ar dtús agus iad cosúil le slaghdán agus fliú, ar nós teocht ardaithe (37.5°C agus níos airde), cantal, aiseag agus diúltú ithe. Ach tá cuid de na comharthaí tábachtacha liostaithe thíos.

I **leanbháin**, d'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith ina n-airíonna **meiningítis**:

- caoineadh nó geonaíl géar
- cantal nuair a phioctar suas iad
- tobar baithise ataithe
- codlatach, gan fhreagairt – deacair a mhúscailt
- liobarnach spadánta nó righin le gluaiseachtaí preabacha
- ag diúltú bia, ag aiseag
- craiceann mílitheach, balscóideach nó ag éirí gorm
- fiabhras

agus d'fhéadfadh siad seo leanas a bheith ina n-airíonna **seipticéime**:

- análú mear nó patrúin neamhghnácha
- craiceann mílitheach, balscóideach nó ag éirí gorm
- fiabhras le lámha agus cosa fuara
- ag crith
- ag aiseag, ag diúltú ithe
- spotaí dearga nó corcra nach féidir meath orthu faoi bhrú (déan an triail ghloine a mhínítear thíos)
- pian nó cantal ó mhatáin nimhneacha nó phian mhór sna géaga nó sna hailt
- liobarnacht
- an-chodlatach

***Má bhrúitear timblear gloine go daingean in aghaidh ghríos seipticéimeach, ní thagann meath ar an ghríos. Beidh tú ábalta an gríos  a fheiceáil tríd an ghloine. Má tharlaíonn sé seo, faigh cabhair ón dochtúir láithreach.***

I **leanaí níos sine**, agus i n**déagóirí** agus i n**daoine fásta**, d'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith ina n-airíonna meiningítis:

- muineál righin (faigh amach an féidir leo a nglúine a phógadh nó a gclár éadain a chur lena nglúine)
- drochthinneas cinn (ní leor é seo ann féin le cabhair leighis a fháil).
- goilleann soilse ar na súile
- aiseag
- fiabhras
- codlatach, gan fhreagairt nó faoi mhearbhall
- gríos

agus d'fhéadfadh siad seo leanas a bheith ina n-airíonna **seipticéime**:

- a bheith codlatach, gan fhreagairt, dobhránta nó faoi mhearbhall (comhartha déanach i seipticéime)
- drochphianta sna sciatháin, sna cosa agus sna hailt, agus iad a bheith nimhneach
- lámha agus cosa an-fhuara
- ag crith
- análú gasta
- spotaí dearga nó corcra nach féidir meath orthu faoi bhrú (déan an triail ghloine a mhínítear thuas)
- aiseag
- fiabhras
- buinneach agus crampaí boilg

Ní mór a mheabhrú nach mbeidh gach airí atá sa liosta ar gach duine. Má léiríonn duine cuid de na hairíonna atá sa liosta, na spotaí dearga nó corcra go háirithe, faigh cabhair leighis **go práinneach**. Mura féidir leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúílr, nó má tá imní ort go fóill tar éis comhairle a fháil, lean do chomhairle féin agus tabhair do leanbh go roinn éigeandála an ospidéil is congaraí duit.

**Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?**

Tugann an Meningitis Research Foundation agus Meningitis Trust araon níos mó eolais faoi mheiningíteas.

Cuir scairt ar líne cabhrach 24 uair an Meningitis Research Foundation's ag 080 8800 3344 nó tabhairt cuairt ar an suíomh idirlín www.meningitis.org

Cuir scairt ar líne saor cabhrach an Meningitis Trust ag
0800 028 18 28 nó tabhair cuairt ar an suíomh idirlín: www.meningitis-trust.org

Is féidir leat comhairle a iarraidh ar do dhochtúir, d'altra cleachtais nó ar do chuairteoir sláinte chomh maith.

## An gnáthchlár imdhíonta e oige

| Nuair atá imdhíonadh le déanamh | Na galair a dtugann an vacsaín cosaint ina n-aghaidh | An dóigh a dtugtar é |
|---|---|---|
| **2 mhí d'aois** | Diftéir, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib<br><br>Ionfhabhtú niúmococach | Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin |
| **3 mhí d'aois** | Diftéir, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib<br><br>Meiningíteas C | Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin |
| **4 mhí d'aois** | Diftéir, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib<br><br>Meiningíteas C<br><br>Ionfhabhtú niúmococach | Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin |
| **12 mí d'aois** | Hib agus meiningíteas C | Instealladh amháin |
| **15 mí d'aois** | Bruitíneach, leicneach agus rubella<br><br>Ionfhabhtú niúmococach | Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin |
| **3 go 5 bliana d'aois** | Diftéire, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib<br><br>Bruitíneach, leicneach agus rubella | Instealladh amháin<br><br>Instealladh amháin |
| **14 go 18 bliana d'aois** | Diftéir, teiteanas, agus polaimiailíteas | Instealladh amháin |

Más amhlaidh nach bhfuair do leanbh aon cheann de na vacsaíní seo, níl sé rómhall riamh iad a fháil. Socraigh coinne le do dhochtúir nó leis an chuairteoir sláinte.

Má tá a thuilleadh eolais uait faoi imdhíonadh, tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ar an suíomh náisiúnta imdhíonaithe www.immunisation.nhs.uk nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards.
Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

02/07